- go n-údaraíonn an t-úinéir tríú páirtí eFlow chun aon sonraí ábhartha maidir le húsáid Bhóthar Dola ag an bhfeithicil sin a sholáthar duit a mhéid atá na sonraí sin riachtanach agus ábhartha chun dolaí agus muirir ghaolmhara a bhaineann leis an bhfeithicil sin a mhuirearú ar do Chuntas.

Admhaíonn tú freisin go mbeidh tú freagrach as Dolaí agus aon mhuirir seirbhíse (mar atá leagtha amach sna Fodhlíthe Dola) a íoc i leith aon Fheithicle Cláraithe, lena n-áirítear i gcúinsí nach tusa úinéir cláraithe na Feithicle Cláraithe sin.

Tá an rogha agat táillí Bhóthar Dola an M50 gan íoc a chur le do Chuntas (a bhaineann leis na feithiclí atá cláraithe ar do Chuntas agus a tabhaíodh nuair a bhí na feithiclí ina bhFeithiclí Neamhchláraithe). Sna himthosca sin, íocfar na táillí neamhíoctha sin leis an Modh Íocaíochta atá cláraithe agat ar do Chuntas. Má bhaineann tú leas as an rogha táillí Bhóthar Dola M50 neamhíoctha a chur i bhfeidhm ar do Chuntas, tá an baol ann go bhféadfadh táillí neamhíoctha a thabhaigh úinéir roimhe seo na Feithicle Cláraithe a bheith san áireamh ann i gcásanna inar cheannaigh tú (nó úinéir tríú páirtí na feithicle) an fheithicil laistigh de 30 lá óna clárú ar do Chuntas. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le 30 lá a ghlacadh chun an Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe a nuashonrú chun an t-athrú ar úinéireacht feithicle a léiriú nuair a chuirtear athrú ar úinéireacht faoi bhráid Rannán na Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí. Má thugann tú faoi deara go bhfuil táillí neamhíoctha curtha i bhfeidhm ar do Chuntas nach mbaineann leat (nó le húinéir tríú páirtí faoi láthair) ní mór duit teagmháil a dhéanamh linn a luaithe is féidir. Mura ndéanann tú teagmháil linn, beidh tú fós faoi dhliteanas i leith aon táille neamhíoctha den sórt sin d'ainneoin gur thabhaigh an t-úinéir roimhe sin iad.

Má chinneann tú gan na táillí sin gan íoc ar Bhóthar Dola an M50 a chur i bhfeidhm ar do Chuntas, beidh tú (nó úinéir tríú páirtí na feithicle) fós faoi dhliteanas na táillí sin gan íoc a íoc (lena n-áirítear aon táille phionóis) de réir na dtáillí agus na muirear a bhaineann le Feithiclí Neamhchláraithe de réir na bhFodhlíthe Dolaí.

B.3

Sula mbíonn feidhm leis an gComhaontú seo agus sula n-osclaíonn eFlow cuntas:

- ní mór duit glacadh le téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe seo de réir chlásal 2 mar is cuí; agus

- maidir le haon Chuntas Réamhíochta, ní mór go mbeadh Iarmhéid Tionscnaimh Cuntais faighte ag eFlow uait.

B.4

Coimeádann eFlow an ceart diúltú d'aon iarratas Cuntas a oscailt nó páirt a ghlacadh sa Chomhaontú seo.

B.5

Más mian leat cóip den Chomhaontú seo a fháil i gcló mór, ní gá ach cóip a lorg.

1 SAINMHÍNITHE

1.1 Sa Chomhaontú seo, beidh na bríonna seo a leanas luaite leis na focail agus nathanna seo a leanas mura gceanglaíonn an comhthéacs a mhalairt:

Ciallaíonn "**Cuntas**" do Chuntas pearsanta, gnó nó Cuairteora/Turasóireachta le eFlow.

Ciallaíonn "**Foirm Iarratais Chuntais**" an fhoirm iarratais atá le comhlánú agat féin nó ag an nGníomhaire sa Lárionad Seirbhíse i gcás Custaiméara a dhéanann iarratas tríd an Lárionad Seirbhísí do Chustaiméirí, chun Cuntas a oscailt.

Ciallaíonn "**Iarmhéid Cuntais**", tráth ar bith, an méid a fhéadfaidh Cuntas a bheith i gcreidmheas nó i ndochar.

Ciallaíonn "**Sonrasc Cuntais**" sonrasc arna eisiúint chuig Custaiméirí a bhfuil Cuntais Iar-íochta acu, ina leagtar amach na hidirbhearta a taifeadadh le linn na tréimhse sonraithe a bhfuil an Custaiméir faoi dhliteanas íoc astu (lena n-áirítear aon Dola, íocaíochtaí nó Táillí a thabhaigh an Custaiméir le linn na tréimhse a luadh).

Ciallaíonn "**Iarmhéid Tionscnaimh Cuntais**", i ndáil le Cuntas Réamhíochta, an t-iarmhéid íosta is gá chun Cuntas a oscailt.

Ciallaíonn "**Ráiteas Cuntais**" ráiteas cuntais a eisítear chuig Custaiméir ó am go ham, ina leagtar amach na hidirbhearta a taifeadadh le linn na tréimhse a luaitear (lena n-áirítear aon Dola, íocaíochtaí nó Táillí a thabhaigh an Custaiméir le linn na tréimhse a luaitear agus, nuair is ábhartha, aon Dola, táille phionóis agus íocaíochtaí a bhaineann le táillí Bhóthar Dola an M50 a tabhaíodh sular cláraigh tú do Chuntas ach ar chinn tú iad a chur i bhfeidhm ar do Chuntas).

Ciallaíonn **“Fionraíocht Cuntais”** gur cuireadh do Chuntas ar fionraí faoin gComhaontú seo agus déileálfar le haon Fheithiclí Cláraithe a bhaineann le do Chuntas mar Fheithiclí Neamhchláraithe.

Ciallaíonn **“Comhaontú”** na téarmaí agus na coinníollacha seo, mar aon leis an bhFoirm Iarratais Cuntais, a d’fhéadfaí a leasú agus a fhorlíonadh ó am go ham.

Ciallaíonn **“Tréimhse Mhuirir”**, i gcás na chéad tréimhse, an tréimhse a thosaíonn air (agus lena n-áirítear) an lá a chruthaítear an Cuntas agus a chríochnaíonn ag deireadh na mí féilire agus i ndáil le gach Tréimhse Mhuirir ina dhiaidh sin, tréimhse aon (1) mhí amháin a thosaíonn nuair a théann an Tréimhse Mhuirir roimhe in éag.

Ciallaíonn **“Custaiméir”** tusa, an duine a bhfuil Cuntas á (h)oscailt aige/aici le eFlow.

Ciallaíonn **“Lárionad Seirbhísí do Chustaiméirí”** an lárionad teagmhála tiomnaithe eFlow a bunaíodh chun fiosrúcháin ó Chustaiméirí a bhainistiú, a réiteach agus a fhreagairt.

Ciallaíonn **“ETC”** ríomhbhailiúchán dolaí.

Ciallaíonn **“Táilli”** aon táillí is iníoctha faoin gComhaontú seo lena n-áirítear, a mhéid is infheidhme i ngach cás, an Táille Chlibe, na Muirir Íocaíochta Déanaí agus aon mhuirear ráitis cuntais bhreise.

Ciallaíonn **“Idir-inoibritheacht”** go mbeidh Custaiméir, a bhfuil Clib suiteáilte aige/aici de réir na dtreoirínte suiteála clibe atá curtha ar fáil ag eisitheoir a c(h)libe (mar atá ceadaithe ag eFlow), in ann Dola a íoc trí ETC ar aon Bhóthar Dola seachas Bóthar Dola an M50, atá páirteach sa scéim idir-inoibritheachta náisiúnta agus léirmhíneofar “idir-inoibritheach” dá réir sin.

Ciallaíonn **“Muirir Íocaíochta”** méid a d’fhéadfadh eFlow a shonrú ó am go ham mar an méid breise iníoctha agatsa má theipeann ar eFlow íocaíocht a fháil de réir mar a cheanglaítear faoin gComhaontú.

Ciallaíonn **“Bóthar Dola an M50”** an chuid sin de bhóthar náisiúnta an N50 (ar a dtugtar an M50) ar Bóthar Dola é.

Ciallaíonn **“Iarmhéid Íosta”** an t-iarmhéid íosta a chaithfear a choinneáil i gCuntas Réamhíoctha, cúig euro déag (€ 15.00) nó cibé méid eile a shonróidh eFlow ó am go ham;

Ciallaíonn **“Méid Réamhíochta Íosta”** an méid íosta atá cur chun sochair don Chuntas Réamhíochta gach uair a shroichtear an tlarmhéid Íosta, tríocha euro (€30.00) nó cibé méid eile a shonróidh eFlow ó am go ham.

Ciallaíonn **“Mí-úsáid”** teip an Chustaiméara feidhmiú de réir fhorálacha an Chomhaontaithe, Fodhlíthe Dola agus Achtanna na mBóithre, 1993 go 2023., lena n-áirítear aon achtanna nó easnaimh eile a d’fhéadfadh eFlow a shonrú agus a roinnt le Custaiméirí ó am go ham.

Ciallaíonn **“Cuntas Íocaíochta”** do chuntas le hinstiúid creidmheasa nó cuntas a bhaineann le cárta creidmheasa nó cárta dochair (i ngach cás, cuntas a bhféadfaí treoracha a thabhairt údarú a thabhairt dochair a bhaint as) nó aon chineál cuntais eile a d’fhéadfadh a bheith ceadaithe ag eFlow, agus atá údaraithe nó atá á údarú agat do eFlow chun dochair a bhaint as cuntas den chineál sin de réir an Chomhaontaithe.

Ciallaíonn **“Dáta Íocaíochta”**, maidir le haon Tréimhse Mhuirir, an chéad lá gnó eile tar éis don Tréimhse Mhuirir sin dul in éag (nó aon dáta eile ar a gcomhaontófar idir eFlow agus an Custaiméir).

Ciallaíonn **“Modh Íocaíochta”** modh íocaíocht ar féidir le eFlow glacadh leis, cárta creidmheasa, cárta dochair nó dochair díreach (Limistéar Aonair d’Íocaíochtaí Euro SEPA) ó chuntas íocaíochta an Chustaiméara, sparán digiteach nó aon mhodh íocaíochta eile a d’fhéadfadh eFlow a cheadú ó am go ham.

Ciallaíonn **“Cuntas Iaríochta”** an cineál cuntais atá agat le eFlow ina bhféadfadh méid atá cothrom leis an méid dlite i ndáil le Dolaí agus aon mhéideanna eile dá leithéid a bheith dlite de réir an Chomhaontaithe seo tabhaithe i rith Tréimhse Mhuirir (an “méid gan íoc”) agus taifeadta ina leithéid de chuntas íochta trí dhochar ó am go ham ón méid atá gan íoc ansin ó do Chuntas Íocaíochta.

Ciallaíonn **“Cuntas Réamhíochta”** an cineál cuntais atá agat le eFlow ina n-íoctar méideanna roimh ré atá le cur chun sochair a leithéid de chuntas, le méideanna dlite i ndáil le Dolaí agus méideanna eile a d’fhéadfadh a bheith dlite de réir an Chomhaontaithe seo á n-asbhaint ina dhiaidh sin, agus leis an tsaoráid méideanna breise a asbhaint ó am go ham ó do Chuntas Íocaíochta (nó íochta ar bhealach eile a d’fhéadfadh eFlow a cheadú) agus a chur chun sochair an chuntais seo.

Ciallaíonn **“Feithiclí Cláraithe”** an fheithicil nó na feithiclí atá cláraithe agat i ndáil leis an gComhaontú.

Ciallaíonn **“Íocaíocht Diúltaithe”** aon íocaíocht nár cuireadh méid a leithéid sin d’íocaíochta chun sochair eFlow lena haghaidh.

Ciallaíonn **“Gníomhaire Ionaid Seirbhíse”** fostaí de chuid an Lárionaid Seirbhíse do Chustaiméirí atá údaraithe chun déileáil le fiosrúcháin ó Chustaiméirí.

Ciallaíonn **“Clib”** an gléas leictreonach a chuir eFlow nó eisitheoir clibe eile ar fáil duit le suiteáil sna Feithiclí Cláraithe, de réir na treorach suiteála clibe a chuir eFlow nó eisitheoir clibe eile ar fáil, chun bailiú leictreonach. Dolaí a éascú faoi théarmaí an Chomhaontaithe seo i ndáil le húsáid a bheith á baint ag na Feithiclí Cláraithe as Bóthar Dola an M50 nó Bóithre Dola idir-inoibritheacha eile.

Ciallaíonn **“Táille Chlibe”**, tráth ar bith, an méid is iníoctha ag Custaiméir i dtaca le clib agus seirbhíse gaolmhara a sholáthar cibé tráth in aghaidh gach Tréimhse Muirir nó cuid de Thréimhse Mhuirir de réir an

Chomhaontaithe seo (€1.00 móide CBL in aghaidh na Clibe a eisítear chugat faoi láthair), de réir mar a fhéadfaidh eFlow a choigeartú ó am go ham, tar éis fógra roimh ré a thabhairt don Chustaiméir faoin gcoigeartú sin.

Ciallaíonn **“Dola Clibe”** an rogha dola ina bhfuil Clib eisithe le suiteáil sna Feithiclí Cláraithe, a ríomhtar trí thagairt a dhéanamh don aicme feithicle atá sonraithe sa reachtaíocht ábhartha agus Fodhlíthe Dola infheidhme.

Ciallaíonn **“dola”** aon Dola (lena n-áirítear Dola réamhshocráithe) iníoctha ag an gCustaiméir chun úsáid a bhaint as Bóthar Dola atá ríofa trí thagairt a dhéanamh don aicme feithicle atá sonraithe sa reachtaíocht ábhartha agus sna Fodhlíthe Dola infheidhme.

Ciallaíonn **“Fodhlíthe Dola”**, ag aon am, na fodhlíthe atá infheidhme do Bhóthar Dola an M50 de bhun Achtanna na mBóithre, 1993 go 2023.

Ciallaíonn **“Córas Bailithe Dola”** an córas atá deartha agus á chothabháil chun bailiú Dolaí go leictreonach thar ceann eFlow a éascú.

Ciallaíonn **“Seachantóir Dolaí”** Custaiméir a bhfuil iarmhéid gan íoc aige nó aici ar a Chuntas nó ar a Cuntas in imthosca ina bhfuil Cuntas an Chustaiméara faoi réir Fionraíocht Cuntais faoin gComhaontú seo;

Ciallaíonn **“Bóthar Dola”** aon bhóthar (nó aon chuid de bhóthar) a bhfuil Dola iníoctha ina leith de réir Achtanna na mBóithre 1993 go 2023.

Ciallaíonn **“Feithicilí Neamhchláraithe”** aon fheithicil nach bhfuil cláraithe le eFlow nó le soláthraí seirbhíse clibe eile arna fhaomhadh ag eFlow.

Ciallaíonn **“Dola Físeáin”** an rogha dola físeáin M50 a bhaineann le d’fheithicil. Níl dola físeáin ar fáil ach ar an M50 agus gearrtar táille ag ráta físeáin atá ríofa trí thagairt a dhéanamh don aicme feithicle atá sonraithe sa reachtaíocht ábhartha sna Fodhlíthe Dola.

Ciallaíonn **“Cuntas Cuairteora/Turasóireachta”** cuntas sealadach Dola Físeáin, is fearr a oireann do Chustaiméirí a úsáidfídh Bóthar Dola an M50 ar feadh tréimhse teoranta agus sonraithe.

1.2

Sa Chomhaontú seo:

- tá ceannteidil agus fo-cheannteidil in úsáid chun críche tagartha agus ní chuirfear san áireamh iad ach i ndáil le léirmhíniú nó forbairt an Chomhaontaithe seo.
- cuimsítear i ngach tagairt d’aon chomhaontú (lena n-áirítear, gan teorainn, an Comhaontú seo), doiciméad nó ionstraim eile (faoi réir na gceadanna ábhartha ar fad agus aon fhoráil eile den Chomhaontú seo a bhaineann go sainráite lena leithéid sin de chomhaontú, doiciméad nó ionstraim eile) tagairt don chomhaontú, doiciméad nó ionstraim sin arna leasú, forlíonadh, ionadú, athnuachan nó sannadh.
- cuimseofar i ngach tagairt d’aon reacht nó foráil reachtúil (lena n-áirítear aon fho reachtaíocht) tagairtí aon reacht nó foráil reachtúil a leasaíonn, a shíneann, a chomhdhlúthaíonn nó a chuirtear in ionad a leithéid nó atá leasaithe, sínte, comhdhlúite nó ionadaithe.

- is éard a bheidh i ngach tagairt don am den lá tagairt do cibé am den lá a bheidh i bhfeidhm in Éirinn.
- áirítear i measc focal a iompórtálann an uimhir uatha an uimhir iolra agus a mhalairt.
- folaíonn focail a allmhairíonn inscne áirithe gach inscne.
- cuimsítear in “duine” aon duine aonair, comhpháirtíocht, gnólacht, iontaobhas, comhlacht corparáideach, rialtas, comhlacht rialtais, údarás, eascróg, gníomhaireacht nó ionstraim, grúpa daoine nó cumann neamhchorpraithe.
- cuimseofar in aon tagairt do “eFlow” (seachas i ndáil le teidlíocht chun íocaíochtaí a fháil) daoine atá ag feidhmiú thar ceann eFlow i ndáil leis an gComhaontú seo;
- glacfar leis go n-áireofar in aon tagairt d’eagraíocht nó ionadaí poiblí tagairt d’aon chomharba ar eagraíocht nó ionadaí poiblí dá leithéid nó aon eagraíocht nó eintiteas nó ionadaí atá freagrach as feidhmeanna nó freagrachtaí aon eagraíochta nó ionadaí poiblí dá leithéid; agus
- sa chás go bhfuil beirt daoine nó níos mó i gceist leis an gCustaiméir, glacfar le cúnaint faoi seach an Chustaiméara mar chúnaint ó dhaoine i dteannta a chéile agus ó dhaoine éagsúla.

2 Glacadh Leis An Gcomhaontú Seo Agus An Ceart Chun Cealú

2.1

In imthosca ina ndéanann tú iarratas ar Chuntas ar líne (www.eflow.ie), iarrfar ort na téarmaí agus coinníollacha seo a léamh agus cliceáil ar an gcnaipe “Glacaim”, más mian leat leanúint ar aghaidh. Má chliceálann tú ar an gcnaipe “Glacaim”, glacfar leis go bhfuil tú páirteach sa Chomhaontú seo agus go nglacann tú leis.

2.2

- Maidir le Cuntais a bhfuil feithiclí cláraithe le haghaidh Dola Clibe acu, nuair a bheidh an Fhoirm Iarratais Cuntais ceadaithe eiseoidh eFlow Clib chuig an seoladh a chuir tú ar fáil ar d’Fhoirm Iarratais Cuntais;

- Faoi réir chlásal 2.2(c) agus (d) thíos, sa chás go bhfuil Cuntas le haghaidh Dola Clibe agat, tá an ceart agat, laistigh de 14 lá ón dáta ar seoladh an Comhaontú chugat, do Chuntas linn a chealú;
- Chun ceart chun cealú a fheidhmiú ní mór duit do Chlib a thabhairt ar ais dúinn mar aon le hiarratas ar cealú a dhéanamh i scríbhinn. Ní mór an Chlib a thabhairt ar ais agus gan úsáid a bheith bainte as.
- Beidh éifeacht leis an gComhaontú seo eadrainn, áfach, agus ní bheidh an ceart agat an Comhaontú seo a chealú roimh: (1) Dul in éag na tréimhse 14 lá dá dtagraítear di ag 2.2 (c) thuas; agus (2) An dáta agus an t-am a gcuireann tú an Chlib i d'fheithicil agus a dtugann tú faoi aistear ar Bhóthar Dola trí úsáid a bhaint as an gClib chun do dhliteanas an Dola iníoctha a íoc a thaifeadadh.

2.3

- Faoi réir chlásal 2.3(c) agus (d) thíos, sa chás go ndéanann tú larratas Ar Líne ar Chuntas do Dhola Físeáin, tá sé de cheart agat do Chuntas a chur ar ceal linn laistigh de cheithre lá dhéag tar éis duit glacadh leis an gComhaontú de réir chlásal 2.1.
- Sa chás go ndéanann tú larratas As Líne ar Chuntas do Dhola Físeáin, eiseoidh eFlow cóip den Chomhaontú chugat nuair a bheidh an Fhoirm larratais Cuntais faofa. Faoi réir chlásal 2.3(c) agus (d) thíos, tá an ceart agat laistigh de cheithre lá dhéag ón dáta ar cuireadh an Comhaontú chugat do Chuntas linn a chealú linn.
- Chun ceart chun cealú a fheidhmiú ní mór duit do Chlib a thabhairt ar ais dúinn mar aon le hiarratas cealaithe a dhéanamh i scríbhinn.
- Beidh éifeacht leis an gComhaontú seo eadrainn, áfach, agus ní bheidh an ceart agat an Comhaontú seo a chealú roimh: (1) Dul in éag na tréimhse 14 lá dá dtagraítear di ag 2.3(a) agus 2.3(b) thuas; agus (2) An dáta agus an t-am a dhéanann tú turas ar Bhóthar Dola an M50 ionas gurb é an Dola atá tú faoi dhliteanas a íoc an Dola atá infheidhme maidir leis an sealbhóir Cuntais.

2.4

Ba cheart duit a thabhairt ar aird, nach bhfuil éifeacht leis an gComhaontú seo, i gcás Cuntas Réamhíoctha, mura bhfuil agus go dtí go bhfaigheann eFlow, i ndáil le do

Chuntas, an tlarhméid Tionscnaimh Cuntais. Go dtí go mbeidh an tlarhméid Tionscnaimh Cuntais sin faighte ag eFlow, measfar gur Feithiclí Neamhchláraithe iad na Feithiclí Cláraithe.

3 Feithiclí – Modh Taifeadta

3.1 Tairgeann eFlow dhá mhodh chun aistear Feithiclí Cláraithe ar Bhóthar Dola an M50 a thaifeadadh, eadhon: Dola Clibe; Dola Físeáin.

3.2 Glactar grianghraf de/taifeadtar gach feithicil a úsáideann Bóthar Dola an M50. Coimeádtar na grianghraif/íomhánna seo chun críche forfheidhmiúcháin agus chun déileáil le agus aon díospóidí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le feithicil nó cuntas a réiteach.

4 Dolaí

4.1

Gan dochar d'aon oibleagáid dhlíthiúil forchurtha ort ag dlí infheidhme, tá tú faoi dhliteanas eFlow a íoc le haghaidh gach Dola a d'fhéadfadh Feithiclí Cláraithe a thabhu de bhun an dlí infheidhme (lena n-áirítear in imthosca nach tú úinéir cláraithe na Feithicle Chláraithe sin) agus beidh a leithéid sin de mhéideanna á n-íoc de réir an Chomhaontaithe seo. Tá tú faoi dhliteanas freisin táillí agus táillí pionóis Bhóthar Dola an M50 nár íocadh (a bhaineann leis na Feithiclí atá cláraithe ar do Chuntas agus a tabhaíodh nuair a bhí na Feithiclí ina bhFeithiclí Neamhchláraithe) a íoc le eFlow i gcásanna inar chinn tú na táillí agus na táillí pionóis sin a chur i bhfeidhm ar do Chuntas.

4.2

Féadfar na Dolaí atá infheidhme i ndáil le haon Bhóthar Dola (lena n-áirítear Bóthar Dola an M50) a choigeartú ó am go ham de réir an dlí infheidhme.

4.3

Féadfaidh eFlow an aicme feithicle lena mbaineann Dola Clibe nó Dola Físeáin a athrú go haontaobhach, agus íocfaidh tú an Dola cuí atá infheidhme maidir leis an aicmiú nua sin, má tá an rogha Dola Clibe nó Dola Físeáin in úsáid agat d'aicme feithicle nach bhfuil comhsheasmhach d'aicme feithicle na bhFeithiclí Cláraithe agus lena mbaineann an t-idirbheart Clibe nó Físeáin.

4.4

Comhaontaíonn tú fógra a chur chuig eFlow (i) maidir le haon athrú a bhaineann le Feithicil Chláraithe nó (ii) athrú a bhaineann le hainm nó seoladh nó oifig chláraithe nó (iii) aon imthosca nár cheart don Fheithicil Chláraithe a bheith ar do Chuntas a

thuilleadh, laistigh de nócha (90) lá ó tharla an t-athrú i ngach cás. Má theipeann ar dhuine fógra a chur chuig eFlow maidir le haon athruithe, d'fhéadfadh go mbeadh dliteanas leantach i gceist i ndáil le táillí seirbhíse breise, fíneálacha nó pionóis atá sonraithe sna Fodhlíthe Dola.

5 Clibeanna agus Dola Clibe

5.1

Ní cheadófar Clib a úsáid ach don Fheithicil Chláraithe (agus Cuntas gaolmhar) a bhfuil an Chlib á heisiúint ag eFlow lena haghaidh.

5.2

De réir alt 14 den Chomhaontú seo, tá an fhreagracht ortsa a chinntiú go bhfuil Clib(na Clibeanna) atá feistithe agat ar an bhFeithicil/ar na Feithiclí Cláraithe a bhfuil an Chlib cláraithe lena haghaidh/lena n-aghaidh de réir na dtreoracha feistithe Clibe atá curtha ar fáil ag eFlow d'fhonn an méid a leanas a chinntiú:

- gur féidir leis cumarsáid a dhéanamh go sásúil leis an gCóras Bailithe Dola; agus
- gur féidir aistear na Feithicle Cláraithe trí Bhóthar Dola an M50 (nó aon Bhóthar Dola eile) a thaifeadadh ar an gCóras Bailithe Dola (nó ar aon chóras atá bunaithe ar aon Bhóthar Dola eile chun críocha ETC).

5.3

Sa chás gur Bóthar Dola idir-inoibritheach é Bóthar Dola agus go bhfuil Clib suiteáilte san Fheithicil Chláraithe de réir an Chomhaontaithe seo, b'fhéidir go mbeidh tú in ann an Dola iníoctha i ndáil le húsáid a bheith á baint ag Feithicil Chláraithe den chineál sin as Bóthar Dden chineál sin a íoc:

- trína haistear a thaifeadadh trína chinntiú go bhfuil a Clib ag déanamh cumarsáide le córas Bóthar Dola den chineál sin le haghaidh ETC.
- mionsonraí maidir lena leithéid sin d'idirbheart a bheith á gcur ar fáil do eFlow, ionas go n-íocfaidh eFlow an méid atá dlite i ndáil le Dola den chineál sin; agus
- faoi réir aon téarmaí eile den Chomhaontú seo, méid do Chuntais:
- (i ndáil le Cuntas Réamhíoctha) asbhainfear uaidh an méid atá dlite i ndáil lena leithéid sin de Dhola; nó

- (i ndáil le Cuntas Iaríochta) méadófar an méid dlite do eFlow ar an gcéad Dáta Íocaíochta eile i ndáil lena leithéid sin de Dhola.

5.4

I gcás Dola Clibe, sa chás nach dtaifeadtar aistear na Feithicle Cláraithe ar an mBóthar Dola trí úsáid a bhaint as an gClib mar gheall ar shuiteáil mhícheart agus sa chás go dtaifeadtar pláta clárúcháin na Feithicle Cláraithe, beidh eFlow i dteideal Dola a mhuirearú i ndáil le húsáid den sórt sin amhail má tá an fheithicil faoi réir Ráta Dola Físeáin, ní Ráta Dola Clibe.

5.5

Sa chás go mbíonn Íocaíocht Dhiúltaithe i gceist, ní oibreoidh do Chlib ar aon Bhóthar Dola a thuilleadh. Leanfar le d'fheithicil a láimhseáil mar Fheithicil Chláraithe ar an M50 go dtí:

- i ndáil le Cuntas Iaríochta, go gcuirtear do chuntas ar fionraí de réir chlásal 9(d)(ii); nó
- i gcás Cuntas Réamhíochta, go mbeidh an t-iarmhéid ar do chuntas níos lú ná Dola amháin is infheidhme,

ag an bpointe sin, beidh tú faoi dhliteanas Dolaí a íoc amhail is gur Feithicil Neamhchláraithe í an Fheithicil Chláraithe. Táthar fós ag glacadh le feithicil a bhfuil scortha aici de bheith á glacadh mar Fheithicil Chláraithe amhail is gur Feithicil Neamhchláraithe í an Fheithicil Chláraithe go dtí go mbeidh gach Dola, muirear seirbhíse, fineáil agus pionós faoi na téarmaí agus coinníollacha seo, na Fodhlíthe Dola agus Achtanna na mBóithre 1993 go 2023 íoctha ina n-iomláine.

5.6

Sa chás go bhfuil do Chuntas curtha ar fionraí, ní oibreoidh do Chlib(eanna) a thuilleadh ar aon Bhóthar Dola agus beidh tú faoi dhliteanas Dola a íoc amhail is gur Feithicil Neamhchláraithe í an Fheithicil Chláraithe. Táthar fós ag glacadh le feithicil a bhfuil scortha aici de bheith á glacadh mar Fheithicil Chláraithe amhail is gur Feithicil Neamhchláraithe í an Fheithicil Chláraithe go dtí go mbeidh gach Dola, muirear seirbhíse, fineáil agus pionós faoi na téarmaí agus coinníollacha seo, na Fodhlíthe Dola agus Achtanna na mBóithre 1993 go 2023 íoctha ina n-iomláine.

6 Íoc Dolaí agus Muirear

6.1

Íocfaidh tú gach méid atá dlite do eFlow de réir an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear gan teorainn, gach méid atá dlite:

- i ndáil le haon mhuirir Dola agus ghaolmhara;
- gach méid atá iníoctha trí Tháille Chlibe;
- gach méid atá dlite trí mhuirir ráiteas cuntais bhreise a d'fhéadfaí a thabhairt isteach; d. aon Mhuirir Íocaíochta Déanacha; agus
- aon suimeanna agus muirir eile atá dlite de bhua théarmaí agus choinníollacha an Chomhaontaithe.

Áirítear sna muirir a mbeidh tú dlite iad a íoc (gan dochar do ghinearáltacht an méid thuasluaite) aon mhuirir a d'fhéadfadh eFlow a fhógairt ó am go ham i ndáil le Mí-úsáid nó mí-úsáid Bóthar Dola.

6.2

Sa chás go mbíonn Íocaíocht Dhiúltaithe i gceist, cinnteoidh an Custaiméir go bhfaigheann eFlow an méid atá gan íoc (i dteannta le haon mhuirir a eascraíonn as an Íocaíocht Dhiúltaithe) a luaithe agus is féidir ach i gcás ar bith laistigh de cheithre lá déag (14) ó dháta na hÍocaíochta Diúltaithe. Ag deireadh na tréimhse sin, mura mbeidh an méid atá amuigh íoctha (mar aon le haon táillí a eascraíonn as an Íocaíocht Dhiúltaithe), cuirfear do Chuntas ar Fionraí.

6.3

Glacann tú le freagracht fógra a thabhairt do eFlow maidir le haon athruithe a bhaineann le do shonraí íocaíochta (lena n-áirítear, gan teorainn, do chuntas íocaíochta) mar atá sonraithe san Fhoirm Iarratais Cuntais.

6.4

Ainneoin go ndéanann eFlow gach iarracht a chinntiú go bhfuil muirir á dtaifeadadh go beacht, glacann tú leis go bhféadfadh míríomhanna tarlú sna hiarmhéideanna Cuntais. I gcásanna den chineál sin, coimeádann eFlow an ceart coigeartú a dhéanamh gan fógra a thabhairt, sa chás gur féidir fianaise a sholáthar go bhfuil an coigeartú oiriúnach.

6.5

Níl tú i dteideal aon ús ar shuimeanna faighte ag eFlow de bhun théarmaí an Chomhaontaithe seo.

6.6

Má dhéanann tú aon cheann acu seo a leanas:

- má chealaíonn nó má athraíonn tú íocaíocht nó do mhionsonraí íocaíochta (lena n-áirítear an cuntas íocaíochta); nó
- mura mian leat leanúint leis na híocaíochtaí a dhéanamh,

cuirfidh tú fógra chuig eFlow, laistigh d'fhiche a ceathair (24) uair an chloig maidir le haon chealú, athrú nó aidhm dá leithéid agus íocfaidh tú na méideanna ar fad atá dlite do eFlow.

6.7

Tá íocaíochtaí Dochair Dhíreach ar fáil ó chuntais bainc SEPA (Limistéar Aonair d'íocaíochtaí Euro). Is tionscnamh AE é SEPA a bhfuil sé mar aidhm leis an bealach a bpróiseáiltear íocaíochtaí leictreonacha san AE a athrú. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh aon difríocht ag baint le híocaíocht a dhéanamh in aon tír chríos SEPA i gcomparáid le híocaíocht a dhéanamh in Éirinn.

7 Cuntas Réamhíochta

Nuair atá Cuntas Réamhíochta roghnaithe agat:

- tá an tlarhméid Tionscnaimh Cuntais do gach Cuntas Réamhíochta cothrom le daichead euro (€40.00) do gach Cuntas Cláraithe nó i gcás gach Cuntas Clárachn ó méid eile dá leithéid a d'fhéadfadh eFlow a shonrú ó am go ham;
- tá tusa freagrach as a chinntiú go bhfuil an tlarhméid Íosta i gCuntas Réamhíochta dá leithéid i gcónaí;
- nuair a thabhaíonn tú dliteanas eFlow de réir an Chomhaontaithe seo, asbhainfidh eFlow (agus leis seo údaráíonn tú eFlow chun an dliteanas sin a asbhaint) ón gCuntas Réamhíochta (agus a leithéid sin d'asbhaintí a dhéanamh ón larmhéid Cuntais infheidhme) gach méid atá dlite dó de réir an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear, gan teorainn, iad siúd dá dtagraítear dóibh i gclásal 7.1;

- údaraíonn tú leis seo eFlow treoracha a thabhairt do chuntas dochair a chur do dhochar ó am go ham le méid comhionann le: (i) an Méid Réamhíochta Íosta; nó (ii) cibé méid eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach d'fhonn a chinntiú go bhfuil Iarmhéid Cuntais do Chuntais Réamhíochta cothrom leis an Iarmhéid Íosta, ar a laghad, de réir an Mhodha Íocaíochta atá luaite leis an gCuntas, agus léireofar sa Chuntas a leithéid sin d'íocaíochtaí a fhaigheann eFlow;
- sa chás go mbíonn Íocaíocht Dhiúltaithe i gceist: (i) ní oibreoidh do Chlib a thuilleadh ar aon Bhóthar Dola; agus (ii) leanfar ag glacfar le d'fheithicil mar Fheithicil Chláraithe ar an M50 go dtí go mbeidh an t-Iarmhéid ar do chuntas níos lú ná Dola infheidhme amháin, agus ag an bpointe sin glacfar le d'fheithicil mar Fheithicil Neamhchláraithe.
- Má tá an t-Iarmhéid ar do Chuntas níos lú ná Dola infheidhme amháin agus má tá tréimhse ceithre lá dhéag (14) caite ó dháta na hÍocaíochta Diúltaithe, cuirfear do chuntas ar fionraí agus sa chás go bhfuil Iarmhéid gan íoc ar do chuntas is ionann tú agus Seachantóir Dola.

8 Cuntas Iaríochta

Sa chás go bhfuil Cuntas Iaríochta roghnaithe agat:

- tá tú freagrach as a chinntiú go bhfuil do Mhodh Íocaíochta roghnaithe bailí agus go bhfuil dóthain cistí ar fáil sa Chuntas Íocaíochta chun gach méid dlite do eFlow a íoc de réir an Chomhaontaithe seo;
- sa chás go dtabhaíonn tú dliteanas (lena n-áirítear, gan teorainn, i ndáil leo siúd dá dtagraítear i gclásal 6.1) do eFlow de réir an Chomhaontaithe seo, áireoidh eFlow an méid sin sa Chuntas Iaríochta agus coigeartófar an tIarmhéid Cuntais chun an méid sin a chur san áireamh; agus
- ar gach Dáta Íocaíochta, tabharfaidh eFlow treoracha maidir le conas do Chuntas Íocaíochta a chur do dhochar (agus údaraíonn tú leis seo eFlow chun a leithéid sin de threoracha a thabhairt) le méid atá cothrom leis an Iarmhéid Cuntais nuair a théann an Tréimhse Mhuirir ábhartha in éag de réir an Chuntais agus léireofar sa Chuntas a leithéid sin d'íocaíochtaí nuair a fhaigheann eFlow iad;
- sa chás go mbíonn Íocaíocht Dhiúltaithe i gceist:

- ní oibreoidh do Chlib a thuilleadh ar aon Bhóthar Dola; agus
- leanfar ag glacadh le d'fheithicil mar Fheithicil Chláraithe ar an M50 ar feadh tréimhse ceithre lá dhéag (14) ó dháta na hÍocaíochta Diúltaithe, agus ag an bpointe sin mura bhfuil íocaíocht faighte cuirfear do Chuntas ar fionraí agus is ionann tú agus Seachantóir Dola.

9 Cuntas Cuairteora/Turasóra

Sa chás go bhfuil Cuntas Cuairteora/Turasóra roghnaithe agat:

Is cuntas sealadach é seo agus ní bheidh sé gníomhach ach don tréimhse ama atá roghnaithe agat.

Níl rogha an Chuntais Réamhíochta ach ar fáil do Chuntais Cuairteora/Turasóra.

Sannfar Dola Físeáin amháin d'fheithicilí atá cláraithe le haghaidh Cuntas Cuairteora/Turasóra.

10 Táillí agus Muirir

10.1

Beidh tú freagrach as na Táillí infheidhme a íoc ar bhonn míosúil. Déanfar a leithéid de Tháillí a chur do dhochar do Chuntais le haghaidh gach Tréimhse Mhuirir.

10.2

Tá an Táille Chlibe iníochta do gach Clib eisthe i ndáil le feithicil sannta do Dhola Clibe iníochta do gach mí nó cuid de a bhfuil Clib bhailí ag an gCustaiméir. D'fhéadfaí a leithéid sin de mhéid a athrú le réamhfhógra a thabhairt don Chustaiméir.

10.3

Ní bhaineann táillí le feithicilí a roghnaigh Dola Físeáin ar fheithicil.

11 Díospóid Muirear

11.1

Ní mór fógra a chur chuig eFlow maidir le haon díospóidí muirear atá le feiceáil ar do Chuntas laistigh de nócha (90) lá ó uair a bpostáiltear an muirear. Tá gach díospóid faoi réir athbhreithnithe agus faofa eFlow agus b'fhéidir go mbeadh ort doiciméid nó fianaise bhreise a chur ar fáil. Chun críche díospóidí a réiteach, coimeádann eFlow

íomhánna fótagrafacha de gach idirbheart a dhéantar ar Bhóthar Dola an M50 le haghaidh tréimhse theoranta ama.

11.2

Sa chás gur phostáil eFlow muirear chuig do Chuntas go mícheart agus / nó gur gearradh muirear ort go mícheart, aisíocfaidh eFlow an méid a muirearaíodh go mícheart chuig do Chuntas.

12 Ráitis Chuntais Agus Sonraisc Cuntais

12.1

Soláthróidh eFlow, de réir na Foirme Iarratais Cuntais, gan mhuirear, (i) Ráiteas Cuntais míosúil a eiseofar trí ríomhphost agus a chuirfear ar fáil ar líne, nó (ii) Ráiteas Cuntais míosúil eisithe tríd an bpost.

Tabhair ar aird, ní sheolfar Ráitis Chuntais sa chás go bhfuil iarmhéid oscailte agus dúnta an chuntais cothrom le náid agus sa chás nach bhfuil aon stair idirbhirt ann don tréimhse shonraithe. Beidh na ráitis seo ar fáil ar líne, áfach.

12.2

Féadfaidh tú a iarraidh go n-eiseofar Ráitis Chuntais bhreise chugat tríd an ríomhphost nó tríd an bpost agus nuair a sholáthraítear Ráiteas Cuntais bhreise dá leithéid sin, beidh eFlow i dteideal muirear ráiteas cuntais bhreise a fháil i ndáil le Ráiteas Cuntais bhreise dá leithéid.

12.3

Soláthróidh eFlow Sonraisc Cuntais do Chustaiméirí Iaríoctha. Sainithneofar sna Sonraisc Cuntais sin na Dola ábhartha agus aon mhuirir eile a bhfuil an Custaiméir faoi dhliteanas ina leith agus na Bóithre Dola lena mbaineann na Dola.

12.4

Sainithneofar ar aon Ráiteas Cuntais na Bóithre Dola ábhartha, Dolaí ábhartha agus aon mhuirir eile atá iníoctha agus gach íocaíocht faighte nó diúltaithe laistigh den tréimhse shonraithe.

13 Clib a Sholáthar agus a Úsáid

13.1

Nuair a bheidh tú cláraithe go sealadach le haghaidh Dola Clibe (i.e., faoi réir glacadh leis an gComhaontú seo de réir chlásal 2), cuirfidh eFlow an Chlib (nó na Clibeanna) ar fáil duit agus beidh tusa freagrach as:

- an Chlib a shuiteáil agus a úsáid san Fheithicil Chláraithe lena n-eisítear an Chlib de réir na dtreoracha atá curtha ar fáil agus cinnteoidh tú go bhfuil an Chlib feistithe i gceart;
- an Chlib a úsáid de réir an Chomhaontaithe seo don Fheithicil Chláraithe a bhfuil sé sannta di ar do Chuntas.
- a chinntiú nach ndíolfar, nach ndíúscrófar, nach ndéanfar damáiste nó nach gcuirfear isteach ar an gClib nó nach mbainfear úsáid chalaoiseach nó mhídhleathach as an gClib.
- a bheith chomh cúramach agus is féidir agus a chinntiú nach gcailltear, nach ngoidtear nó nach mbaintear mí-úsáid as an gClib agus gach céim réasúnach a dhéanamh ar mhaithe le sábháilteacht na Clibe a chinntiú.
- soláthróidh tú gach faisnéis atá agat maidir le haon chailleanas, goid nó Mí-úsáid na Clibe do eFlow agus déanfaidh tú gach céim a mheasann eFlow atá riachtanach chun cabhrú le Clib a aisghabháil; nó

Gan dochar do ghinearálacht an méid thuasluaite, ní dhéanfaidh tú iarracht an Chlib a úsáid trí í a iompar i do lámh nó a fhágáil ar an deais nó in áit éigin neamhfheistithe eile san Fheithicil Chláraithe nó in aon fheithicil eile agus is ionann aon chineál iompair dá leithéid agus Mí-úsáid chun críche an Chomhaontaithe seo.

13.2

Mura suiteálann tú an Chlib/na Clibeanna i gceart san Fheithicil Chláraithe/sna Feithicilí Cláraithe, d'fhéadfaí muirear a ghearradh ort ag an ráta Dola le haghaidh Feithicilí Neamhchláraithe maidir le Bóthar Dola an M50. Beidh tú faoi dhliteanas le haghaidh aon Dolaí neamhíoctha agus pionós infheidhme de réir an dlí infheidhme mar thoradh ar theip Clib a fheistiú i gceart.

13.3

Glacfar leis an gClib mar mhaoín de chuid eFlow agus ní dhéanfaidh tusa aon rud nó ní cheadóidh tú aon rud a dhéanamh a d'fhéadfaí glacadh leis mar Mhí-úsáid na Clibe.

14 Clibeanna Damáistithe / Caillte / Goidte

14.1

Sa chás go bhfuil Clib damáistithe, caillte nó goidte, tá an fhreagracht ortsa fógra a

chur chuig eFlow tríd an láithreán gréasáin, comhrá gréasáin nó tríd an teileafón trí ghlaoch ar an

Láirionad Seirbhísí do Chustaiméirí. Leanfaidh tú de bheith faoi dhliteanas le haghaidh aon úsáid a bhaintear as an gClib go dtí go bhfaigheann eFlow fógra go bhfuil an Chlib damáistithe, caillte nó goidte agus go dtí go mbeidh an Chlib cealaithe ag eFlow.

14.2

Chun críche an Chomhaontaithe seo, glactar leis gurb ionann damáiste don Chlib agus aon toisc a chiallaíonn go bhfuil an Chlib lochtach nó do-oibrithe mar gheall ar chur isteach, mí-úsáid, úsáid mhíchuí, sceitheadh cadhnra, aghlot nó scriosadh trí thimpiste.

14.3

I ndiaidh fógra a thabhairt do eFlow de réir chlásal 14.1 thuas, cealóidh nó díchumasóidh eFlow ar bhealach éigin eile an Chlib agus ní cheadófar aon úsáid eile a bhaint as an gClib.

14.4

Sa chás go gcailleann tú Clib nó go ndéanann tú damáiste do Chlib, ní bheidh tú i dteideal Clib athsholáthair a fháil saor in aisce ach féadfaidh tú athiarratas a dhéanamh ar Chlib nua ag costas €20.00 móide CBL nó cibé costas eile a bheidh infheidhme ag an am sin.

15 Clib a Thabhairt ar Ais

15.1

Comhaontaíonn tú an Chlib a thabhairt ar ais do eFlow:

- nuair a iarrann eFlow a leithéid;
- sa chás go bhfuil an Chlib lochtach nó go n-aimsítear an Chlib i ndiaidh fógra a fháil ón gCustaiméir go raibh an Chlib caillte nó goidte; nó
- i ndiaidh fhoirceannadh an Chomhaontaithe le haghaidh cibé cúis.

15.2

Sa chás go dteipeann ort Clib a thabhairt ar ais de réir an Chomhaontaithe seo, laistigh de cheithre lá déag (14) ó dhualgas a bheith ort a leithéid a dhéanamh, féadfaidh eFlow muirear de €20.00 móide CBL a fhorchur nó cibé costais eile a

bheidh infheidhme ag an am sin, ort, agus beidh a leithéid sin de mhuirear le cur do dhochar ó do Chuntas.

16 Comhaontú a Chealú

16.1

Féadfaidh tú an Comhaontú seo a chealú laistigh de cheithre lá déag (14) ón gComhaontú de réir chlásal 2.

Sa chás go mbaineann an ceart chun cealaithe leat agus go bhfuil an ceart sin á fheidhmiú i ndáil le Cuntas Clibe, tabharfaidh tú an Chlib ar ais do eFlow láithreach laistigh de cheithre lá déag (14) ón gClib a fháil agus aisíocfaidh eFlow aon Táille Chuntais nó aon Iarmhéid Tionscnaimh Cuntais leat an uair sin.

16.2

I gcás rogha Dola Clibe, sa chás nach bhfuil an Chlib úsáidte laistigh den tréimhse ceithre lá dhéag (14), ní bheidh tú i dteideal do cheart chun an Comhaontú a chealú a fheidhmiú.

16.3

I gcás rogha Dola Físeáin, ní bheidh tú i dteideal an ceart chun an Comhaontú a chealú a fheidhmiú má dhéanann tú, laistigh den tréimhse ceithre lá dhéag (14), aistear a dhéanamh ar an mBóthar Dola M50 ionas gurb é an Dola atá le híoc agat an Dola atá infheidhme maidir le sealbhóir Cuntais.

17 Foirceannadh

17.1

Féadfaidh eFlow an Comhaontú seo a chealú láithreach:

- má sholáthraítear achainí le haghaidh ordú féimheachta maidir leatsa nó mura bhfuil tú ar shlí ar bith eile in ann do chuid fiachas a íoc nuair a bhíonn siad dlite; nó, de réir mar is cuí, glacann eireadóir seilbh go dleathach (agus ní scartar le seilbh laistigh de thríocha lá (30)); nó ceaptar glacadóir go bailí maidir le do shócmhainní; nó soláthraítear achainí chun scrúdaitheoir a cheapadh; nó déantar ordú scrúdaitheoireachta maidir leat; nó soláthraítear achainí maidir le foirceannadh nó féimheacht; nó déantar ordú le haghaidh d'fhoirceanta nó féimheachta; nó déantar réiteach éifeachtach nó ritear réiteach éifeachtach le haghaidh d'fhoirceanta; nó

- má tá aon cheann de théarmaí an Chomhaontaithe seo á sárú go hábhartha agat, mura féidir a leithéid de shárú a réiteach nó, más féidir a leithéid de shárú a réiteach, glacfar leis go mbeidh mainneachtain dá leithéid gan réiteach le haghaidh tríocha lá (30) i ndiaidh fógra maidir lena leithéid a bheith tugtha ag eFlow duit;
- sa chás go dteipeann ort an Chlib a úsáid de réir an Chomhaontaithe seo nó gur bhain tú úsáid nó gur mhaígh tú gur bhain tú úsáid as Clib ar bhealach neamhúdraithe nó neamhdhleathach; nó
- sa chás, i dtuairim eFlow, gur stop tú ag déanamh na n-íocaíochtaí a theastaíonn de réir an Chomhaontaithe seo agus i gcúinsí ina bhfuil tú i do Sheachantóir Dola.

17.2

Gan dochar do do cheart an Chomhaontú seo a chealú de réir clásal 16 thuas, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí cheithre lá déag (14) fógra a thabhairt don pháirtí eile, ar an gcoinníoll, nuair a thugtar a leithéid d'fhógra:

- go gcuirfear deireadh le do theidlíocht an Córas Bailithe Dola atá sonraithe sa Chomhaontú seo a úsáid; agus
- glacfar leis na Feithiclí Cláraithe mar Fheithiclí Neamhchláraithe.

18 Iarmhairtí an Fhoirceanta

18.1

I ndiaidh foirceanta, beidh tú freagrach as aon mhéideanna atá dlite agat faoin gComhaontú seo agus cuirfear a leithéid sin de mhéideanna gan íoc do dhochar do Chuntais. Más gá, d'fhéadfadh eFlow treoracha a thabhairt do chuntas íocaíochta a chur do dhochar le haon iarmhéid atá gan íoc do eFlow ar nó i ndiaidh an fhoirceanta.

Aisíocfar aon iarmhéid creidmheasa fágtha leat trí chomhaontú chuig do mhodh íocaíochta roghnaithe nuair a bheidh gach íocaíocht nó iarmhéid Dola atá gan íoc íoctha.

18.2

Mura bhfuil dóthain cistí i do Chuntas, beidh tú faoi dhliteanas le haghaidh gach méid dá leithéid. Mura n-íoctar a leithéid de mhuirir neamhíoctha le eFlow go pras, b'fhéidir go mbeifeá faoi dhliteanas le haghaidh muirear seirbhíse, fíneálacha nó

pionós breise atá sonraithe sna Fodhlíthe Dola, Muirir Íocaíochta Déanaí nó cibé rud a d'fhéadfaí a chur in iúl duit ó am go ham.

19 Leasuithe ar an gComhaontú

19.1

Féadfaidh eFlow téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe seo a athrú am ar bith agus cuirfear fógra chugat maidir le haon athruithe dá leithéid sula mbíonn éifeacht leo. Measfar go mbeidh glactha agat lena leithéid d'athruithe laistigh de cheithre lá déag (14) ón bhfógra a fháil nó nuair a bheidh idirbheart dola ar an M50 Bóthar Dola curtha i gcrích agat i ndiaidh dháta an fhógra, cibé acu is túisce.

19.2

Mura nglacann tú le téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe seo, nó aon athruithe, leasuithe nó impleachtaí eile ar théarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe seo ó eFlow, cuirfidh tú fógra chuig Lárionad Seirbhísí do Chustaiméirí eFlow laistigh de cheithre lá déag (14) ó uair a eisíonn eFlow na sonraí seo agus foirceannfar an Comhaontú seo agus ba cheart aon Chlibeanna a sheoladh ar ais de réir chlásal 15 thuas.

20 Cosaint Sonraí

20.1

Chun faisnéis a fháil maidir le próiseáil do shonraí pearsanta lena n-áirítear an úsáid a bhainimid as Fianáin, féach [Fógra Príobháideachta Gréasáin eFlow.ie](#) agus [Polasaí Fianán Suíomh Gréasáin eFlow.ie](#) (a bhaineann go príomha leis na sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear nuair a thugann tú cuairt ar láithreán gréasáin eflow) agus [Fógra um Chosaint Sonraí eFlow](#) (a bhaineann go príomha leis na sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear nuair a bhaineann tú leas as an gcóras dola saor ó bhacainní eflow), agus tá an dá cheann acu ar fáil ag www.eflow.ie

21 Maoin Intleachtúil

Deonaíonn eFlow ceart teoranta neamheisiach, neamh-inaistrithe duit suíomh gréasáin eFlow a rochtain agus a úsáid atá le fáil ag www.eflow.ie agus an t-ábhar atá le fáil ansin. Tá a leithéid de rochtain faoi réir théarmaí an Chomhaontaithe seo agus Théarmaí Úsáide an Láithreáin Ghréasáin atá le fáil ag [eFlow.ie Coinníollacha Úsáide an tSuímh Ghréasáin](#)

22 Uiríoll agus Baránta

Déanann tú uiríoll agus barántaíonn tú eFlow maidir leis na nithe seo a leanas:

- tá an fhaisnéis arna nochtadh do eFlow i ndáil leis an gComhaontú seo fíor agus ceart;
- tá glactha go bailí agat leis an gComhaontú seo; agus
- is ionann an Comhaontú seo agus do chuid oibleagáidí bailí agus ceangailteacha.

23 Sannadh

23.1

Féadfaidh eFlow a chearta, oibleagáidí agus leas in nó faoin gComhaontú seo a shannadh, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile d'aon duine ag aon am.

23.2

Ní cheadófar duit do chearta, oibleagáidí agus leas sa Chomhaontú nó faoin gComhaontú a shannadh, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile.

24 Force Majeure

Má tá cosc nó bac ar úsáid na Clibe nó aon Bhóthar Dola mar gheall ar ní nach bhfuil aon smacht ag eFlow air lena n-áirítear ach ní teoranta d'fhoiche Dé, gníomhartha rialtais, stailceanna, frithdhúnadh, díospóidí tionsclaíocha, gaoth, tine, tintreach, aerárthach, pléascadh, tuilte, triomach, círéibeacha, clampar sibhialta, gníomhartha cogaidh, éirí amach, lánchosc, paidéimí, éagumas cumarsáid a dhéanamh le tríú páirtithe le haghaidh cibé cúis, teip aon chórais ríomhaireachta nó lonnaíochta, teip nó moill ar tharchur teachtaireachta trí aon líonra aipe (lena n-áirítear Aip eFlow: Mo chuid Dolaí) nó fóin phóca, cosc ó nó bac ar aon fhuinneamh nó soláthairtí eile a fháil, rógaireacht mhall nó mhailíseach nó goid nó íoc trí bhotún gníomhaire nó aon chúis eile (cibé acu atá nó nach bhfuil a leithéid cosúil le haon ní thuasluaite) nach bhfuil aon smacht ag eFlow nó ag aon cheann dá ghníomhairí nó fochonraitheoirí air, ansin cuirfear feidhmiú an Chomhaontaithe seo ar fionraí gan aon dliteanas thar ceann eFlow go dtí go dtagann deireadh lena leithéid de chosc nó bac.

25 Dliteanas

25.1

A mhéid a cheadaítear faoin dlí, tá gach dliteanas de chuid eFlow (cibé acu faoi chonradh, tort (lena n-áirítear faillí) nó ar shlí ar bith eile) a eascraíonn as nó i ndáil le

Clib (lena n áirítear gan teorainn, teip ar an gClib feidhmiú, díghníomhachtú na Clibe nó Mí-úsáid na Clibe), curtha as an áireamh anseo.

25.2

Ní bheidh aon oibleagáid ná dliteanas ar eFlow ná ar a ghníomhairí maidir leis an úsáid a bhaineann tú as an gClib nó feidhmiú na Clibe. Is é an t-aon réiteach agus an réiteach eisiach ó eFlow agus a ghníomhairí aon Chlib/aon Chlibeanna lochtacha a athsholáthar.

25.3

Gan dochar don mhéid thuasluaite, ní bheidh eFlow faoi dhliteanas duit maidir le haon chaillteanas brabús, dea-thoil, deis ghnó nó aon chineál chaillteanas speisialta nó iarmhartach tabhaithe agatsa, cibé acu go díreach nó go hindíreach.

26 Ilghnéitheach

26.1

Is ionann na téarmaí agus coinníollacha atá sonraithe anseo agus téarmaí agus coinníollacha uile an Chomhaontaithe. Admhaíonn tú nár bhraith tú aon uiríoll seachas a bhfuil sonraithe sna téarmaí agus coinníollacha seo.

26.2

Ní bheidh aon téarmaí nó coinníollacha á dtarscaoileadh mura bhfuil a leithéid de tharscaoileadh feicthe i scríbhinn agus sínithe ag an bpáirtí tarscaoilte. Ní fheidhmeoidh aon easnamh nó moill thar ceann ceachtar páirtí maidir le haon cheart, cumhacht nó pribhléid a fheidhmiú anseo mar tharscaoileadh, ná ní chuirfidh aon fheidhmiú aonair nó páirteach aon cheart, cumhacht nó pribhléid dá leithéid cosc ar aon fheidhmiú eile nó breise aon chirt, cumhachta nó pribhléide.

26.3

Tá na cearta agus na réitigh atá le fáil anseo carnach agus níl siad eisiach ar aon chearta ná réitigh atá á bhforáil ag an dlí. Seachas mar a shonraítear go sainráite sa Chomhaontú seo, tá aon agus gach uiríoll, baránta agus gealltanais, sainráite nó intuigthe, eisiata anseo.

27 Forálacha Inscartha

Beidh gach ceann de na forálacha atá le fáil sna téarmaí agus coinníollacha seo inscartha agus éagsúil óna chéile agus má tá aon cheann nó níos mó de na forálacha seo neamhbhailí, mídhleathach nó míréasúnach anois nó ina dhiaidh seo, ní bheidh

aon tionchar aige ar bhailíocht, dlíthiúlacht agus in-fhorfheidhmitheacht na bhforálacha fágtha, ní dhéanfar dochar dóibh nó ní dhéanfar comparáid eatarthu.

28 Fógraí

28.1

Cibé acu an gceanglaítear ortsa nó ar eFlow fógra a thabhairt don duine eile de bhun an Chomhaontaithe seo, nó más mian leis cumarsáid a dhéanamh ar shlí eile leis an duine eile, féadfar a leithéid d'fhógra nó cumarsáid a sheirbheáil:

a. i do chás go eFlow:

- tríd an bpost nó seachadadh chuig cibé seoladh atá le feiceáil ar eflow.ie nó mar a fhógraítear ar bhealach eile ó am go ham;
- trí ríomhphost, SMS, theileafón nó comhrá gréasáin chuig cibé seoladh ríomhphoist, uimhir SMS, uimhir theileafóin atá le feiceáil ar eflow.ie nó mar a chuirtear in iúl ar bhealach eile ó am go ham; nó

b. i gcás eFlow chugatsa:

- tríd an bpost nó seachadadh chuig cibé seoladh atá taifeadta san Fhoirm Iarratais Cuntais (a d'fhéadfaí a athrú ó am go ham de réir an Chomhaontaithe seo) nó aon seoladh eile a d'fhéadfaí a áireamh in Achtanna na mBóithre, 1993 go 2023
- trí r-phost chuig cibé seoladh atá taifeadta nó trí theachtaireacht téacs SMS nó trí theileafón chuig cibé uimhir theileafóin a bheidh taifeadta san Fhoirm Iarratais Cuntais (a d'fhéadfaí a leasú ó am go ham de réir an Chomhaontaithe seo); nó
- trí cibé modh eile a mheasfaidh eFlow atá oiriúnach lena n-áirítear, i gcás ina mbaineann tú leas as Aip eFlow: My Tolls App, trí bhrúfhógra ar an Aip sin.

28.2

Seirbheálfar aon fhógra nó cumarsáid a sheirbheálfar:

- tríd an bpost, daichead a hocht (48) uair i ndiaidh é a chur sa phost nó má tá sé á sheachadadh de láimh, tráth an tseachadta;
- i gcás ríomhphoist, SMS nó fógra trí Aip eFlow: Mo chuid Dolaí nó trí chomhrá gréasáin, tráth a sheachadta; nó

- trí Theileafóin, ar an nglao a bheith críochnaithe.

29 Dlí Rialaithe

Beidh an Comhaontú seo á rialú ag agus á fhorléiriú de réir dhlíthe na hÉireann.